Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2022
(OR. en)

8411/22

LIMITE

CORLX 377
CFSP/PESC 527
CYBER 131
JAI 524
FIN 464

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe a chuireann an tAontas nó a Bhallstáit i mbaol - athnuachan |

1. An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit. Leasaíodh an Cinneadh go deireanach le Cinneadh (CBES) 2021/796 agus beidh feidhm aige go dtí an 18 Bealtaine 2022.

2. An 5 Aibreán 2022, tháinig an Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna ar chomhaontú maidir le síneadh a chur leis an réimeas.

3. An 25 Aibreán 2021, chuir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 (8409/22), lena gcuirtear síneadh le bailíocht an Chinnidh sin go dtí an 18 Bealtaine 2025 agus leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 18 Bealtaine 2023.

4. An 28 Aibreán 2022, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

5. Sna himthosca sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dhearbhú;
- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a leagtar amach in 8410/22 é, a ghlacadh, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;
- na fógraí atá le foilsiú san *Iris Oifigiúil*, mar a leagtar amach iad in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas;
- an teimpléad ginearálta le haghaidh litreacha fógartha, mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN I**

**Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle+, agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle([2]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit**

PUBLIC

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na ndaoine agus na n-eintiteas a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/[*uimhir*]+ ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine agus na heintitis sin.

Tugtar ar aird na daoine agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

---

**1** IO L 129, 17.5.2019, lch. 13.

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 8410/22.

**2** IO L 129 I, 17.05.2019, lch. ).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, **faoin 14 Eanáir 2023**, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh (CBES ) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit.

Tugtar ar aird na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN II**

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a bhfuil feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit**

PUBLIC

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na n-ábhar sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle([3]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála sin; agus is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, roinn ar féidir dul i dteagmháil léi ag:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[3] IO L 129, 17.5.2019, lch. 13.
[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 8410/22.
[4] IO L 129, 17.05.2019, lch. 1.

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2019/797, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle+, agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a chomhroinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar do shrianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta ar feadh 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir an reo sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag, nó ar feadh ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh na hábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh in 8410/22.



PUBLIC

IARSCRÍBHINN III

Template letter for persons whose address is known

This is to inform you that the Council of the European Union has decided to maintain your name on the list of persons and entities subject to restrictive measures in the Annex to Council Decision (CFSP) 2019/797, as amended by Council Decision (CFSP) 2022/[*number*][1], and in Annex I to Council Regulation (EU) 2019/796 concerning restrictive measures against cyber-attacks threatening the Union or its Member States. The grounds for your designation appear in the relevant entries in those Annexes.

Your attention is drawn to the possibility of making an application to the competent authorities of the relevant Member State(s) as indicated on the websites in Annex II to Council Regulation (EU) 2019/796, in order to obtain an authorisation to use frozen funds for basic needs or specific payments (cf. Article 4 of the Regulation).

You may submit a request to the Council, together with supporting documentation that the decision to maintain you on the above-mentioned list should be reconsidered, **before 14 January 2023**, to the following address:

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

e-mail: sanctions@consilium.europa.eu

Any observations received will be taken into account for the purpose of the Council's next review, pursuant to Article 10 of Decision (CFSP) 2019/797, of the list of designated persons and entities.

[1] Official Journal reference

PUBLIC

Your attention is also drawn to the possibility of challenging the Council's decision before the General Court of the European Union, in accordance with the conditions laid down in Article 275, 2nd paragraph, and Article 263, 4th and 6th paragraphs, of the Treaty on the Functioning of the European Union.

You are also informed of the Notice (2022/C xx/xx)[2] for the attention of the data subjects to whom the restrictive measures provided for in Council Decision (CFSP) 2019/797 and Council Regulation (EU) 2019/796 concerning restrictive measures against cyber-attacks threatening the Union or its Member States apply.

PUBLIC

2 Official Journal reference